CINNEADH (AE) 2022/1000 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2022

lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na hOstaire,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 9 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1955 ([2]) lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Bernhard BAIER a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na hOstaire Hannes WENINGER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Gemeinderat, Gemeinde Gießhübl* (Comhairleoir Áitiúil, Bardas Gießhübl), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Hannes WENINGER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Gemeinderat, Gemeinde Gießhübl* (Comhairleoir Áitiúil, Bardas Gießhübl), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2021/1955 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún (IO L 398, 11.11.2021, lch. 28).